Comórtas Idirnáisiúnta Timpeallachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chomórtas idirnáisiúnta timpeallachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

Cad atá ar eolas agat faoi Inis Oírr?
Cad atá ar eolas agat faoin tSín?
Ar chuala tú faoin gcomórtas LivCom riamh?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid leis na cinn atá ag an duine in aice leat.

1. award _____
2. was awarded _____
3. the first prize _____
4. population _____
5. on managing _____
6. contest _____
7. presentation _____
8. the people of Inis Oírr _____
9. the gold (medal) _____
10. unbelievable _____
11. congratulations _____

An raibh mórán díobh ar eolas agaibh sular fhéach sibh ar an tuairisc?
Cad is brí leis na rannóga seo, dar libh?

Rannóg an Bhealaigh Maireachtála Shláintiúil
Rannóg na bPobal

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus abair an bhfuil na ráitis sa bhosca thíos fíor nó bréagach. Má tá siad bréagach, an féidir leat an leagan ceart a chur ar fáil?

	Fíor	**Bréagach**
1. Tá sé ghradam buaite ag Inis Oírr.		
2. Bhí an bronnadh in Shanghai sa tSín.		
3. I Rannóg na bPobal, is iad pobail ina bhfuil suas le 20,000 duine iontu atá i gceist.		

4. Díríonn an comórtas ar bhainistiú tithe áitiúla.		
5. Bhí beagnach caoga cathair, ceantar agus pobal san iomaíocht.		
6. Tá a lán daoine sa tSín, a bhí ag an mbronnadh, ag iarraidh cuairt a thabhairt ar Inis Oírr anois.		
7. D'éirigh go maith leis an gcur i láthair a rinne muintir Inis Oírr.		
8. Ní raibh Paddy Crowe ag súil leis an mbonn óir.		
9. Níor cheap Paddy Crowe go raibh Inis Oírr chomh maith sin go dtí anois.		

Ceist 4 '…dhá ghradam…' agus '…an chéad duais…'

Líon na bearnaí sa dá bhosca, ag baint úsáide as na samplaí thuas mar threoir.

1	2	3-6	7-10	20, 30, 40…
gradam amháin				
	dhá dhuais	trí dhuais		
			ocht n-áit	tríocha áit

An chéad	**An dara**	**An tríú, an ceathrú, an cúigiú, an séú, an seachtú, an t-ochtú, an naoú agus an deichiú**
		háit
	duais	
ghradam		

Ceist 5 '…rannóg *an bhealaigh*…' agus '…buaiteoirí *an chomórtais*…'

1. Cén ghné den ghramadach a bhaineann leis na focail i gcló Iodálach thuas?

2. Ag leanúint na rialacha céanna (is é sin, séimhiú a chur ar an ainmfhocal firinscneach agus an t-ainmfhocal a chaolú); cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal idir lúibíní sna bearnaí.

   - ag glanadh an (gluaisteán): _____
   - leathanaigh an (nuachtán): _____
   - muintir an (pobal): _____
   - fadhbanna an (bochtanas): _____
   - tábhacht an (gealltanas): _____
   - áilleacht an (ceantar): _____
   - tíortha an (domhan): _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad is ainm don áit ina bhfuil tú féin i do chónaí? Cad is brí leis an logainm?
2. Déan cur síos ar an áit do na daoine eile i do ghrúpa.
3. Cad é do bharúil faoi Inis Oírr?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. award	*gradam*
2. was awarded	*bronnadh*
3. the first prize	*an chéad duais*
4. population	*daonra*
5. on managing / management	*ar bhainistiú*
6. contest	*iomaíocht*
7. presentation	*cur i láthair*
8. the people of Inis Oírr	*muintir Inis Oírr*
9. the gold (medal)	*an t-ór*
10. unbelievable	*dochreidte*
11. congratulations	*comhghairdeas*

Ceist 3

1. Bréagach. Tá dhá ghradam buaite ag Inis Oírr.
2. Bréagach. Bhí an bronnadh in Xiamen sa tSín.
3. Fíor.
4. Bréagach. Díríonn an comórtas ar bhainistiú na timpeallachta áitiúla.
5. Fíor.
6. Fíor.
7. Fíor.
8. Fíor.
9. Bréagach. Dúirt sé go raibh a fhios aige i gcónaí go raibh Inis Oírr ar cheann de na háiteanna is fearr ar domhan.

Ceist 4

1	2	3-6	7-10	20, 30, 40…
gradam amháin	dhá ghradam	cúig ghradam	ocht ngradam	fiche gradam
duais amháin	dhá dhuais	trí dhuais	deich nduais	caoga duais
áit amháin	dhá áit	ceithre áit	ocht n-áit	tríocha áit

An chéad	**An dara**	**An tríú, an ceathrú, an cúigiú, an séú, an seachtú, an t-ochtú, an naoú agus an deichiú**
áit	háit	háit
duais	duais	duais
ghradam	gradam	gradam

Ceist 5

1. Is é an tuiseal ginideach, uimhir uatha atá i gceist. Is focail fhirinscneacha iad na focail.
2.
   - ag glanadh an (gluaisteán): *ag glanadh an ghluaisteáin*
   - leathanaigh an (nuachtán): *leathanaigh an nuachtáin*
   - muintir an (pobal): *muintir an phobail*
   - fadhbanna an (bochtanas): *fadhbanna an bhochtanais*
   - tábhacht an (gealltanas): *tábhacht an ghealltanais*
   - áilleacht an (ceantar): *áilleacht an cheantair*
   - tíortha an (domhan): *tíortha an domhain*

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Ta dhá ghradam buaite ag Inis Oírr, Árainn i gComórtas Idirnáisiúnta Timpeallachta. Is sa gCathair[1] Xiamen sa tSín a fógraíodh buaiteoirí an chomórtais chomhshaoil, LivCom inniu. Bronnadh an chéad duais ar Inis Oírr i Rannóg an Bhealaigh Maireachtála Shláintiúil agus d'éirigh leo an chéad duais a bhaint amach freisin i Rannóg na bPobal, ina bhfuil daonra suas le fiche míle duine. Díríonn an comórtas idirnáisiúnta seo ar bhainistiú na timpeallachta áitiúla. Bhí beagnach leathchéad cathair, ceantar agus pobal ó ar fud an domhain san iomaíocht. Tá Paddy Crowe, Bainisteoir Chomhar Chaomhán Teo i láthair ag an ócáid sa tSín agus seo mar a labhair sé liom ar ball beag.

Paddy Crowe
Bhuel ciallaíonn an duais seo go bhfuil Inis Oírr ar mhapa an domhain. B'fhéidir go bhfuil Inis Oírr beag ach m'anam, tar éis anocht tá sé mór. Tá an méid daoine atá ag teacht chugainn anseo as chuile[2] áit sa domhan, atá siad anseo in Xiamen sa tSín agus chuile dhuine ag iarraidh teacht go bhfeicfidh siad an áit speisialta seo. Bhíodar an-tógtha leis an gcur i láthair a dhein muid, agus bhí sé faoi mhuintir Inis Oírr agus an chaoi a maireann siad agus bhíodar tógtha ar fad leis… agus caithfear a rá nuair a thugadar an t-ór dúinn, an dtuigeann tú, as chuile dhuine as na mílte agus na milliúin duine in áiteacha[3], gur thóg muid é sin, sa domhan, tá sé dochreidte *really*, níl mé in ann é a thógáil isteach ar chor ar bith. Ní raibh me ag súil le rud chomh mór seo, cuirfidh mé mar sin é. *So*, bhuaigh muid amach an rannóg suas go dtí fiche míle agus bhuaigh muid rannóg eile i gcoinne chuile dhuine a bhí sa gcomórtas, sin na cathracha móra millteacha agus gach aon áit eile freisin. Agus níl mé in ann é a thógáil isteach i gceart mé féin fós. An áit is fearr sa domhan anocht ná Inis Oírr, sin an chaoi a bhfuil sé, sin an chaoi a ndearna[4] siad amach é. Tá sé dochreidte ach m'anam, bhí a fhios agam é sin riamh i mo shaol ar aon chaoi, go bhfuil Inis Oírr chomh maith sin agus muintir Inis Oírr

Eimear Ní Chonaola
Agus comhghairdeas ó chroí le muintir Inis Oírr.

[1] *sa* + urú atá i gcanúint Chonnacht, *sa* + h atá sna canúintí eile
[2] *chuile = gach uile*
[3] *áiteanna* atá sa chaighdeán oifigiúil, ach *áiteachaí* a deirtear go minic i nGaeilge Chonnacht.
[4] *a dhein* a deirtear